*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*




# Scéal Oilibhéir

**Nuachtlitir 25-10-2022**

## Teanga chumarsáide na Scoile | *Language of communication at School*

Tá dífríocht shuntasach le feiceáil i ndearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge sa chlós agus táimid thar a bheith sásta go bhfuil na páistí tar éis dul i dtaithí labhairt na Gaeilge ar scoil arís. Imríonn na Cinnirí Gaeilge an-tionchar ar nósanna labhartha sa chlós agus táim an-bhuíoch dá ndíograis. Beidh cóisir bheaga againn roimh an sos chun a gcuid oibre seo a cheiliúradh. Meabhraím daoibh arís, *cleachtadh a dhéanann máistreacht.*

*There is a significant difference to be seen in the children's attitude to Irish in the yard and we're really happy that they have readjusted to speaking Irish at school again. The* Cinnirí Gaeilge *have a big influence on this and I'm very grateful for their enthusiasm. We will have a little party before the break to celebrate their work. I remind you again, practice makes perfect.*

## Aifreann Oilibhéir | *St. Oliver's Mass*

Bhí ócáid álainn againn ar an Aoine 14 Deireadh Fómhair nuair a bhí Aifreann Oilibhéir againn i halla na scoile den chéad uair ó 2019. Tá pobal na scoile an-tábhachtach dúinn anseo i Scoil Oilibhéir agus mhothaíomar uainn an ócáid seo le cúpla bliain anuas. Idir pháistí, bhaill na foirne, thuismitheoirí/chaomhnóirí, agus chairde na scoile(idir shean agus nua!), bhí sé go hálainn gach duine a fheiceáil le chéile arís agus ceann de na traidisiúin is sine sa scoil a cheiliúradh arís. Táimid an-bhuíoch den Ath. Dan Joe freisin ar ndóigh agus is mór againn an tacaíocht agus an cúnamh a thugann sé don scoil i gcónaí. Tá an t-ádh linn. *We had a lovely occasion on Friday 14 October when we had St. Oliver's Mass in the school hall for the first time since 2019. The school community is very important to us here in Scoil Oilibhéir and we really missed this occasion over the last few years. Between children, members of staff, parents/guardians and friends of the school (old and new), it was lovely to see everyone together again to celebrate one of our oldest school traditions again. We are also very grateful to Fr. Dan Joe of course and we really appreciate the support and help he always gives the school. We are very fortunate.*

## Cruinniú Múinteoirí - Tuismitheoirí | *Parent Teacher Meetings*

Beidh na cruinnithe Múinteoirí-Tuismitheoirí seo ar siúl san iarnóin ar an 16 agus 17 Samhain. Rachaidh na páistí abhaile ar **14:15** ar an dá lá seo agus is gá go mbaileofar go pras iad. Ní bheidh tú in ann cruinniú a chur in áirithint ach amháin tríd Aladdin agus osclófar an córas ar an gCéadaoin seo chugainn 26 Deireadh Fómhair ar a 20:00 san oíche.

*These meetings will take place on the 16 and 17 November in the afternoon. The children will go home at **14:15** those days and must be collected promptly. You will only be able to schedule a meeting through Aladdin and the system will open next Wednesday 26 October at 20:00.*

## Gléasadh Suas ar an Aoine seo | *Dressing up this Friday*

Tá cead ag na páistí iad féin a ghleásadh suas ar an Aoine seo chugainn fad is nach bhfuil aon bhata, ná slat draíochta, ná uirlis troda ná aon rud den saghas sin acu. Tá cead acu freisin cúpla rud deas a thabhairt isteach leo. **Tugtar faoi deara go bhfuil cosc iomlán ar chnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu.**

*The children may dress up next Friday as long as they do not bring in any sticks, or wands, or weapons or anything of that sort! They may also bring in a few treats. Please note that there is a total ban on nuts and on products containing nuts.*

## Tuáille Láimhe | *Hand Towels*

Déan cinnte le do thoil go bhfuil tuáille láimhe ag do pháiste chun na lámha a thriomú tar éis iad a ní.

*Please ensure your child has their own small hand towel to dry their hands after washing them. Thank you.*

## *Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

### Iontráil | *Enrolment*

Tá an Polasaí reatha Iontrála don Mheán Fómhair 2023 ar an suíomh anois. Glacfar le Foirmeacha Iarratais ón Luan seo, 24 Deireadh Fómhair ar aghaidh agus cuirfear stop le glacadh leis na Foirmeacha Iarratais ar 14:30 ar an 11 Samhain. Scaip an scéal i measc do chairde le do thoil agus cuimhnigh, fiú má tá páiste agat sa scoil cheana féin agus páiste eile ag teacht, is gá an Fhoirm Iarratais a chur isteach. Tá Léiriú Suime ar an suíomh do dhaltaí ionchasacha nua freisin a chabhróidh linn pleanáil a dhéanamh do na blianta amach romhainn. Roinn le do chairde agus le daoine le páistí réamhscoile é le do thoil.





*The current Enrolment Policy for September 2023 is now on the website. Application Forms will be accepted from this Monday 24 October and Application Forms will cease to be accpeted at 14:30 on 11 November. Please spread the word amongst your friends and remember, even if you have a child already in the school and another on the way, you still need to submit an Application Form. There is also an Expression of Interest on the website for prospective new pupils which will help us to plan for the upcoming years. Please share with friends and anyone with preschool children.*

### *Aladdin* agus Cumarsáid | *Aladdin and Communication*

Mar is eol daoibh, tá cumarsáid na scoile á riaradh tríd Aladdin. Ar ndóigh, téann an chumarsáid an dá bhealach agus iarrtar ort na fógraí a lasadh ar do ghuthán nó ar do ríomhaire le cinntiú nach gcailleann tú aon teachtaireacht thábhachtach. Is féidir leat na rudaí seo thíos a fheiceáil agus a dhéanamh ar chuntas Aladdin do pháiste.

Pé íocaíochtaí atá déanta agat | *Any payments you have made*

Nótaí asláithreachta a scríobh | *Write absence notes*

Foirmeacha Ceada a líonadh | *Complete Permission Slips*

Tinreamh do pháiste | *Your child's Attendance*

Cruinithe na dTuistí a eagrú | *Schedule Parent Teacher Meetings*

Sonraí do pháiste a leasú | *Edit your child's details*

*As you know, the school's communication is being administered through Aladdin. Of course, communication goes both ways and we ask that you turn on notifications on your phone or computer so that you don't miss important messages. You can see and do all the above on your child's Aladdin account.*

### PÁIRCEÁIL SAN ASCAILL | *PARKING IN THE AVENUE*

Spás amháin do charr amháin – Ná stop i lár na hascaille (fiú ar feadh "nóiméid amháin") – bain úsáid as Carrchlós na Mílaoise le do thoil

*One space for one car – Do not stop in the middle of the avenue (even for "just a minute") – Please use Millennium Carpark*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

## Oíche Oscailte | *Open Night*

Bhí ár gcéad Oíche Oscailte ó 2019 againn sa scoil ar an gCéadaoin 19 Deireadh Fómhair. D'eagraíomar an oíche seo le feasacht an phobail mhaguaird ar an scoil a ardú agus le deis a thabhairt do theaghlaigh atá ag smaoineamh ar Scoil Oilibhéir taithí a fháil ar atmaisféar na scoile. D'éirigh go hiontach leis an ócáid! Bhí freastal breá ar an oíche agus táimid an-bhuíoch de na páistí, de na tuismitheoirí/chaomhnóirí agus de na múinteoirí (iardhaltaí agus a dtuismitheoirí san áireamh!) a chabhraigh linn ócáid den scoth a eagrú. Bhí samplaí den saghas oibre a bhíonn ar siúl againn anseo agus bhí deis ag tuismitheoirí/caomhnóirí ceisteanna a chur orainn agus eolas a fháil ar an nGaelscolaíocht. Ba léiriú deas í an oíche seo ar luachanna an chomhoibrithe atá againn sa phobal scoile.

*We had our first Open Night since 2019 in the school on Wednesday 19 October. We organised this night to raise awareness of the school in the local community and to allow families considering Scoil Oilibhéir to experience the atmosphere in the school. The occassion was very successful! There was a great attendance and we're very grateful to the children, the parents/guardians and the teachers (past-pupils and parents included!) who helped organise a great occassion. There were examples of the kind of work we do here and an opportunity for parents/guardians to ask us questions about a Gaelscoil education. It was a lovely exhibition of the values of co-operation we have in our school community.*

## Taithí Oibre na hIdirbhliana | *Transition Year Work Experience*

Caithfidh mé cúpla pointe a mhíniú daoibh maidir le glacadh le daltaí idirbhliana sa scoil chun taithí oibre a dhéanamh. I dtús báire, is mór againn é go bhfuil an méid sin páistí ag iarraidh teacht chugainn agus is mór an chabhair iad freisin. Déanaimid ár ndícheall deis a thabhairt dóibh taithí a fháil ar shaol na scoile agus faoi shaol an mhúinteora sa chás go bhfuil an dalta féin compordach le dul ag obair le páistí faoi stiúir an mhúinteora.

**Faraor, ní féidir linn glacadh le gach éinne ach an oiread agus tá sé ríthábhachtach má tá dalta ag iarraidh teacht anseo go dtéann siad i dteagmháil liom le dátaí chomh luath agus is féidir.** Tabharfar túsáite d'iardhaltaí na scoile agus do dhaltaí le Gaeilge.

- Tuigfidh sibh ar ndóigh go bhfuil riachtanais ar leith maidir le Grinnfhiosrú na nGardaí agus ba mhaith liom a mhíniú;
- nach mbeimid in ann glacadh le dalta meánscoile mura bhfuil Grinnscrúdú na nGardaí déanta acu roimh thús na tréimhse.
- Is gá dóibh an fhoirm a fháil ón scoil agus an fhoirm a líonadh, ar a laghad, dhá mhí roimh thús na treimhse
- go bhfuil coinníollacha ar leith a bhaineann le páistí idir aois a 16 agus aois a 18 agus go mbeidh foirm le síniú ag a dtuismitheoirí freisin
- Ní féidir linn faoi láthair grinnscrúdú a dhéanamh ar pháistí faoi 16 bliana d'aois

Súil agam go bhfuil sé seo soiléir agus ar ndóigh, táim breá sásta é a phlé más gá.

*I need to explain a couple of points regarding acceptance of Transition Year Students to do work experience in the school. Firstly, we really appreciate that so many students want to return to us and also, they are a huge help. We endeavour to give them a real taste of the life of the school and the life of a teacher where the student is comfortable with working with the children under the supervision of the Class Teacher.*

***Unfortunately, we cannot accept everybody, and it is crucial that if a student wishes to come here that they get in touch with dates at the earliest opportunity.*** *Priority will be given to past-pupils and students with Gaeilge.*

- *You will understand of course that there are certain requirements regarding Garda Vetting and we would like to explain that;*
- *We won't be able to accept any student who isn't Garda Vetted before the beginning of the Work Experience.*
- *The form must be obtained from the school and returned at least two months before the beginning of the Work Experience.*
- *There are certain separate conditions pertaining to the vetting of students between 16 and 18 years of age and that there will be a form to be signed by their parents.*
- *We cannot at present vet children under 16*

**Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta sa scoil |** *Irish Classes for Adults in the school*

Táim fós ag obair air seo ach má shíleann tú go bhfuil aithne agat ar éinne a bheadh in ann iad a mhúineadh, déan teagmháil liom.

*I am still working on this but if you think you might know someone who could teach them please get in touch with me.*

## Saothar Ealaíne Chonnchubhair Uí Chaoimh | *Conor O'Keefe Artwork*

Tháinig muintir Uí Chaoimh ar cuairt le féachaint ar an saothar ealaíne a rinne Rang a Sé na bliana seo caite. Thacaigh siad leis an tionscnamh i gcuimhne ar a mac Connchubhar, iardhalta de chuid na scoile, a cailleadh go róluath.

*The O'Keefe family came on a visit to see the artwork last year's 6th Class did. They supported the project in memory of their son, Conor, a past pupil of the school, who passed away too early.*





Léiríonn an comhshaothar seo ciorcal a sheasann don lárphointe a mheabhraíonn do na páistí go bhfillfidh siad i gcónaí ar an áit dheireanach ina raibh siad go léir le chéile.

Seasann na tonnta agus na bíseanna agus na línte trasnaithe dá n-aistir éagsúla agus don áit sin ina gcasfaidh siad arís ar a chéile.

*This collaboration shows a circle representing a centre point reminding the children that they will always return to the last place where they were all together.*

*The waves, spirals and crossed lines represent their different journeys and where their paths might intersect again*

A bhuíochas le Muintir Uí Chaoimh agus i ndílchuimhne ar Chonnchubhar
Rang a Sé 2022



## Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Tá Cumann na dTuismitheoirí tar éis a bheith an-ghníomhach cheana féin. Tá na grianghraif don fhéilire déanta acu agus d'eagraigh siad díolachán cácaí ar an 4 Deireadh Fómhair. Bailíodh nach mór €1400 don scoil! Maith sibh go léir! Beidh Aonach na Nollag againn ar an 4 Nollaig 13:00 – 17:00 sa scoil. Más suim cabhrú le reáchtáil na hócáid esoe, dean teagmháil le Cumann na dTuismitheoirí ar cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com.

*The Parents' Association have been very active already. The photos have been taken for the calendar and they have organised a Cake Sale on the 4 December. More than €1400 was raised for the school! Well done everyone! The Chirstmas Fair will take place on 4 December, 13:00 – 17:00. If you are interested in helping with organising this occasion please contact the Parents' Association at cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com*

## Cúrsaí Spóirt | *Sporting Matters*

D'imir na foirne peile, idir chailíní agus bhuachaillí, cúpla cluiche iontach sna comórtais Chumann na mBusncol. Bhíomar an-sásta le meon agus le dearcadh na bpáistí. Déanaimid ár mbuíochas a ghabháil le Múinteoirí Colleen, Gráinne agus Pádhraic as an am agus an dúthracht a chaith siad leis seo agus gabhaimid buíochas leis na tuismitheoirí/caomhnóirí a chabhraigh le síobanna.

*The footabll teams, both boys' and girls', played a couple of great games as part of the Cumann na mBunscol competitions. We were very happy with the children's attitude and outlook. We thank the teachers, Múinteoirí Colleen, Gráinne and Pádhraic for their time and dedication and we thank parents/guardians for their help with lifts.*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

**Tionscnamh píolótach um athchumrú scoileanna don éagsúlacht** | *Schools reconfiguration for diversity pilot initiative*

Tá an Roinn Oideachais agus Ard-Deoise Átha Cliath ag féachaint arís air seo agus roghnaíodh Baile Átha Cliath 15 agus paróiste Naomh Bríde don scéim phíolótach seo. Tá sé tábhachtach go dtuigtear nach bhfuil aon chinneadh déanta faoi seo go fóill. Tá litir imithe abhaile ar *Aladdin* agus tá sé tábhachtach a bheith i láthair don chruinniú a luaitear thíos chun tuilleadh eolais a fháil, chun bhur gcuid ceisteanna a chur agus chun bhur gcuid tuairimí a roinnt.

*The Department of Education and the Dublin Archdiocese are again looking at this and Dublin 15 and St. Brigid's Parish have been chosen for this pilot project. It is very important that it is understood that no decsion has been taken on this. A letter has gone home on Aladdin and it is important that you attend the meeting mentioned below to get more information, to ask questions and to share your views.*

Dáta - 29/11/2022

Am - 20.00

Scoil Oilibhéir

Oscailte do thuismitheoirí/chaomnóirí na ndaltaí i Scoil Oilibhéir

*Date - 29/11/2022*

*Time - 20.00*

*Scoil Oilibhéir*

*Open to parents/guardians of pupils in Scoil Oilibhéir*

## Cóineartú | *Confirmation*

Dóibh siúd atá chun an Cóineartú a dhéanamh, beidh Searmanas an tSolais ag Rang a Sé ar an Déardaoin 23 Feabhra ar 19:30 i Séipéal Bhríde i mBaile Bhlainséir. Beidh an Cóineartú féin ar an Aoine, 24 Márta ar 11:00 sa séipéal céanna. *For those making their Confirmation, the Ceremony of Light for 6th Class will be on Thursday 23 February at 19:30 in St. Brigid's Church in Blanchardstown. The Confirmation itself will be on Friday, 24 March at 11:00 in the same church.*

## An Chéad Chomaoineach | *First Communion*

Beidh an Chéad Chomaoineach againn ar an Satharn 27 Bealtaine ar 11:00 i Séipéal Bhríde i mBaile Bhlainséir. Déanfar Sacraimint an Athmhuintearais (An Chéad Fhaoistin) a cheiliúradh ar scoil agus roinnfear an dáta seo níos gaire don am. *First Holy Communion will be on Saturday 27 May at 11.00 in St. Brigid's Church in Blanchardstown. The Sacrament of Reconciliation (First Confession) will be celebrated at school and this date will be shared with you closer to the time.*

## Dátaí don Dialann |*Dates for the Diary*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **26-10-2022** | **Scoil Dúnta ar 12:00 – Oiliúint In-seirbhíse** \| ***School Closed at 12:00 – In-service training*** | | |
| **11-11-2022** | **Lá Deireanach d'Fhoirmeacha Iarratais ar Naíonáin Shóisearacha 2023**<br>***Deadline for Application Forms for Junior Infants 2023*** | | 14:30 |
| **16-11-2022** | Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí \| *Parent Teacher Meetings* | 14:45-17:45 | Páistí abhaile ar 14:15 |
| **17-11-2022** | Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí \| *Parent Teacher Meetings* | 14:45-16:45 | Páistí abhaile ar 14:15 |
| **29-11-2022** | **Cruinniú do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí maidir le hathchumrú scoile**<br>**Parent/Guardian Meeting about Reconfiguration** | | *Halla na Scoile* 20:00 |
| **4-12-2022** | Aonach na Nollag \| *Christmas Fair* | | *Halla na Scoile* 13:00-17:00 |
| **16-12-2022** | Seó na nÓg \| *Infants Christmas Show* | | 12:00-13:30 |
| **23-02-2023** | Oíche an tSolais don Chóineartú \| *Ceremony of Light for Confirmation* | | 19:30 i Séipeál Bhríde |
| **24-03-2023** | Cóineartú \| *Confirmation* | | 11:00 i Séipeál Bhríde |
| **27-05-2020** | An Chéad Chomaoineach \| *First ommunion* | | 11:00 i Séipeál Bhríde |